

Achoimre Feidhmiúcháin

Réamhrá agus Comhthéacs

Díríonn an plean gnámh seo ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais oideachais leanaí agus daoine óga ó phobail faoi mhíbhuntáiste, ó leibhéal na réamhscoile go dtí an t-oideachas dara leibhéal (aoisghrúpa 3 go dtí 18). Tá sé bunaithe ar an sainmhíniú atá ar “mhíbhuntáiste oideachasúil” san Acht Oideachais, (1998):

“...na baic ar an oideachas de dhroim míbhuntáiste shóisialta nó eacnamaíoch a choisceann mic léinn ar thairbhe chuí a bhaint as an oideachas i scoileanna.”

Dá bhrí sin is cuid amháin é an plean gnámh de chontanam idirghabhálacha chun aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste, lena n-áirítear an dara seans ar oideachas agus bearta oiliúna agus rochtana do dhaoine fásta chun tacú le rannpháirtíocht mhéadaithe grúpaí nach bhfuil ionadaíocht chóir acu sa bhreiseoideachas agus san ardoideachas. Cuid eile den chontanam seo is ea an fhorbairt leanúnach ar sholáthar do dhaltáí le riachtanais speisialta oideachais i bhfianaise achtú an Achta um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (2004) agus bunú na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.

Tá an plean gnámh bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- ba cheart go mbeadh deis chomhionann ag gach leanbh agus duine óg maidir le rochtain, rannpháirtíocht agus leas ó oideachas
- ní mór go mbeadh an deis ag gach duine a p(h)oitéinseal oideachais iomlán a bhaint amach do chúiseanna pearsanta, sóisialta agus eacnamaíocha agus
- is fachtóir ríthábhachtach é oideachas maidir le cuimsiú sóisialta agus forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn.

Tacóidh agus cuirfidh an plean le hiarrachtaí ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal Eorpach ionas go mbeidh comhtháthú sóisialta agus dul chun cinn níos fearr ann. Is catalaigh do chur chuige nua iad Straitéis Liospóin, an Clár Comhaontaithe an Rialtais, an comhaontú comhpáirtithe sóisialta *Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn*, an Straitéis Náisiúnta in aghaidh na Bochtaineachta agus na Pleananna Gnámh Náisiúnta in aghaidh na Bochtaineachta agus an Eisiata Shóisialta.

An Bunús do Leasú

Tá béim shuntasach curtha ar aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna maidir le cuimsiú oideachais, ó dheireadh na 1980idí go háirithe. Dhírigh an cur chuige ar glacadh leis ar na rudaí seo a leanas:

- scoileanna atá ag freastal ar phobail faoi mhíbhuntáiste a aithint agus díriú ar thacaíochtaí breise do na scoileanna sin faoi raon bearta
- tacaíochtaí breise a chur ar fáil do ghrúpaí leochaileacha, go háirithe daltaí den Lucht Siúil agus daltaí nach Béarla nó Gaeilge a dteanga dúchais
- bearta reachtúla, le tagairt speisialta d'achtú:
 - o an tAcht Oideachais (1998), a dheánann foráil do bhunú Coiste um Míbhuntáiste Oideachasúil, le dualgas oibre a bhaineann le comhairle a chur ar an Aire Oideachais agus Eolaíochta ar bheartais agus straitéisí chun míbhuntáiste oideachasúil a aithint agus a chur ina cheart
 - an tAcht Oideachais (Leas) (2000), a bhunaigh an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais (NEWB) mar an príomhchomhlacht náisiúnta a bheadh freagrach as tinreamh scoile
- oideachas, oiliúint agus taithí oibre a chur ar fáil do dhaoine a fhágann an scoil go luath, chomh maith le leathnú a dhéanamh ar an dara seans ar oideachas agus ar chláir litearthachta na n-aosach
- rannpháirtíocht tuismitheoirí a chur chun cinn agus naisc níos dlúithe a chothú idir an scoil agus an pobal níos leithne
- cur le caighdeán trí leasú curaclaim, forbairt ghairmiúil agus trí chreat náisiúnta cáilíochtaí a bhunú.

Is féidir teacht ar chur síos ar na bearta reatha sa réimse seo sa chuid a bhaineann le cuimsiú sóisialta ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.education.ie.

Cé gur féidir laidreachtaí agus laigí a aithint sa chur chuige atá ann faoi láthair, tá dul chun cinn suntasach déanta trí chéile trí raon leathan bearta a chur i bhfeidhm le tabhairt faoi mhíbhuntáiste oideachasúil. Ach, tá rátaí tearcghnóthachtála oideachais agus rátaí luathfhágáilithe scoile fós i bhfad níos airde do dhaltaí as pobail faoi mhíbhuntáiste ná mar atá do dhaltaí eile. Is príomhfhachtóir spreagúil an imthosc seo don ghníomh atá idir lámha faoi láthair.

Ar iarratas ón Aire Oideachais agus Eolaíochta, thug an Coiste um Míbhuntáiste Oideachasúil faoi scrúdú in 2003 ar an raon leathan clár atá i bhfeidhm le tabhairt faoi mhíbhuntáiste oideachasúil. De thoradh an scrúdaithe seo, rinne an Coiste aighneacht chuig an Aire i mí na Nollag, 2003, dar teideal: “*A More Integrated and Effective Delivery of School-Based Educational Inclusion Measures*”.

Chuir aighneacht an Choiste béim ar an ngá atá ann feabhas a chur ar mhodhanna chun scoileanna a aithint agus chun díriú ar acmhainní, le béim níos mó ar fhreagairtí níos solúbtha, níos pleanáilte agus níos comhtháite ar leibhéal áitiúil agus tacaíochtaí feabhsaithe do mhúinteoirí agus scoileanna maidir le pleanáil, monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí bearta cuimsithe oideachais. San aighneacht, cuireadh san áireamh na moltaí maidir le straitéis nua do chuimsiú oideachais a tháinig chun cinn as an gcéad chruinniú i mí na Samhna, 2002, de chuid an Fhórait níos leithne um Míbhuntáiste Oideachasúil, a thug na príomhpháirtithe leasmhara le chéile.

Comhairle thábhachtach a bhí sa chomhairle a fuarthas ón gCoiste um Míbhuntáiste Oideachasúil agus ón bhFóram um Míbhuntáiste Oideachasúil maidir le forbairt an phlean gnímh seo.

An Plean Gnímh - Forléargas

Is é an aidhm atá leis an bplean gnímh seo a chinntiú go dtugtar tús áite do riachtanais oideachais leanaí agus daoine óga ó phobail atá faoi mhíbhuntáiste agus go dtugtar faoi na riachtanais sin ar bhealach éifeachtach. Seo a leanas na príomhheilimintí a bhaineann leis:-

- *córas caighdeánaithe chun leibhéal míbhuntáiste a aithint agus athbhreithniú rialta a dhéanamh orthu*
- *Clár Tacaíochta Scoile (CTS) nua, comhtháite a thabharfaidh le chéile, agus a chuirfidh le hidirghabhálacha atá ann cheana féin do scoileanna agus do chnuasghrúpaí scoileanna/pobail le leibhéal ard míbhuntáiste oideachasúil. Cuirfear na difríochtaí idir míbhuntáiste uirbeach agus tuaithe san áireamh nuair atáthar ag díriú ar ghníomhartha faoin gclár*

Seo a leanas léiriú leathan ar líon na scoileanna a bheidh san áireamh faoi CTS:

| Bunoideachas | Oideachas Dara Leibhéal |
|---|-------------------------|
| 600 scoil, lena n-áirítear: <ul style="list-style-type: none"> • 300 scoil uirbeach/baile • 300 scoil tuaithe | 150 scoil |

Ina theannta sin, leanfar ar aghaidh ag cur tacaíochtaí ar fáil do scoileanna áit a bhfuil an leibhéal míbhuntáiste níos scaipthe.

Cuirfear an plean gnámh i bhfeidhm ar bhonn céimnithe thar thréimhse chúig bliana agus beidh infheistíocht bhliantúil bhreise de €40m i gceist nuair a bheidh sé ar fad curtha i bhfeidhm. Chomh maith leis sin cruthóidh sé 300 post breise ar fud an chórais oideachais go ginearálta.

Beidh na scéimeanna agus na cláir reatha seo a leanas á gcomhtháthú leis an CTS ar bhonn céimnithe thar thréimhse chúig bliana de chur i bhfeidhm:

- *Tús Luath*
- *Giving Children an Even Break* (ag cur san áireamh an Scéim do Phríomh-Cheantair faoi Mhíbhuntáiste agus *Timthriall an Mhíbhuntáiste a Bhriseadh*)
- an Tionscadal um Múinteoirí Tacaíochta (leibhéal an bhunoideachais)
- gnéithe den Luath-Thionscnamh Litearthachta, ina measc an tionscnamh Aisghabhála Léitheoireachta agus Straitéis Litearthachta Chlár Scoile an Teastais Shóisearaigh agus an Tionscadal Taispeántais Leabharlainne
- an Scéim Caidrimh Baile-Scoil-Pobal
- an Clár Críochnúcháin Scoile (a fhaigheann maoiniú ón bPlean Forbartha Náisiúnta le cúnaimh ó Chiste Sóisialta na hEorpa)
- an Scéim Ceantair faoi Mhíbhuntáiste do scoileanna dara leibhéal agus tionscadail ghaolmhara i scoileanna dara leibhéal ag tacú le rochtain ar oideachas tríú leibhéal.

Leanfaidh Scéimeanna Deontais na Leabhar Scoile bunoidreachais agus dara leibhéal ar aghaidh ag feidhmiú mar a bhí cheana, ach cuirfear san áireamh an próiseas aitheantais atá á thabhairt isteach ag an bplean gnámh seo agus cuirfear maoiniú spriocdhírthe breise ar fáil faoi na scéimeanna do scoileanna atá rannpháirteach i CTS.

Príomhbhearta le Cur i bhFeidhm

I gcuid 10 den doiciméad seo tá cur síos ar na socrúithe don chéad chéim den chur i bhfeidhm, a ritheann go dtí deireadh na scoilbhliana 2005/2006 agus na socrúithe a bhfuil súil leo don dara céim, a ritheann go dtí deireadh na scoilbhliana 2006/2007.

Cuirfear na príomhbhearta seo a leanas i bhfeidhm thar an scála ama cúig bliana:

- beidh tionscnamh nua ar sholáthar luath-oideachais do na pobail uirbeacha/baile is mó atá faoi mhíbhuntáiste

- déanfar bearta reatha atá ann chun aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachasúil a chomhtháthú agus a shruthlíniú. Cuirfear tacaíochtaí airgeadais bhreise ar fáil do scoileanna trí CTS. Leathnófar na seirbhísí Caidrimh Baile-Scoil-Pobal (HSCL) agus seirbhísí an Chláir Chríochnúcháin Scoile (SCP) le linn Céimeanna 1 agus 2 chuig gach bunscoil agus scoil dara leibhéal uirbeach/baile atá rannpháirteach i CTS agus nach bhfuil ag baint leasa as na seirbhísí seo cheana féin. Déanfar an Scéim HSCL agus an Clár Críochnúcháin Scoile a chomhtháthú isteach sa chreat CTS agus é á chur i bhfeidhm thar chúig bliana
- díreofar ar an 150 bunscoil uirbeach/baile leis na leibhéil is airde míbhuntáiste chun leas a bhaint as ranganna le huasmhéid 20:1 iontu sna ranganna sóisearacha (naíonáin go rang a dó) agus 24:1 sna ranganna sinsearacha (rang a trí go rang a sé)
- díreofar ar bhunscoileanna tuaithe atá rannpháirteach i CTS le leas a bhaint as rochtain ar mhúinteoir/comhordaitheoir atá ag freastal ar chnuasghrúpa scoileanna, áit nach bhfuil sé sin i bhfeidhm cheana féin tríd an gclár *Giving Children an Even Break*. Cuirfear tacaíocht airgeadais ar fáil do bhunscoileanna tuaithe nach féidir a chur i gcnuasghrúpaí mar mhalairt ar thacaíocht múinteora/comhordaitheora
- cuirfear bearta spriocdhírthe i bhfeidhm le tabhairt faoi fhadhbanna litearthachta agus uimhearthachta, le tagairt ar leith do litearthacht teaghlaigh, luath-oideachas, bunoidreachas agus oideachas dara leibhéal agus ról chóras leabharlainne an údaráis áitiúil. Cuirfear le tacaíocht an leabharlainne agus na leabharlainne scoile, ar bhonn céimnithe, don 50 scoil dara leibhéal leis na leibhéil is airde míbhuntáiste
- cuirfear bearta i bhfeidhm chun feabhas a chur ar thinreamh mac léinn, dul chun cinn, coinneáil agus gnóthachtáil oideachais. Cuirfear soláthar breise gairmthreorach ar fáil, dírithe ar thacú le mic léinn an teastais shóisearaigh, i scoileanna dara leibhéal leis na leibhéil is airde míbhuntáiste
- cuirfear rogha curaclaim níos fearr chun cinn
- leathnófar an ról atá ag teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC)
- cuirfear rochtain mhéadaithe ar oideachas tríú leibhéal chun cinn do mhic léinn ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste, i gcomhar leis an Oifig Náisiúnta do Chothromas Rochtana ar Ard-Oideachas

- cuirfear bearta i bhfeidhm chun tacú le hearcaíocht agus coinneáil príomhoidí agus foireann teagaisc i scoileanna atá ag freastal ar phobail faoi mhíbhuntáiste, le tagairt ar leith dóibh seo a leanas:
 - cuirfear príomhoidí riaracháin ar fáil ar bhonn céimnithe do bhunscoileanna uirbeacha/baile atá rannpháirteach i CTS le figiúirí níos ísle clárúcháin agus foirne ná mar atá i mbunscoileanna i gcoitinne
 - beidh scéim um shaoire shabóideach á cur i bhfeidhm chun deiseanna a chruthú do phríomhoidí agus múinteoirí, a bhfuil tréimhse ar leith caite acu ag obair i scoil atá rannpháirteach i CTS, chun tabhairt faoi thréimhse forbartha chun cur lena bhfoghlaim agus éifeachtúlacht, agus ina dhiaidh sin, buntáistí a thabhairt dá mic léinn agus dá scoil. Leathnófar rochtain ar an scéim seo, a dhéanfaidh soláthar do 50 saoire shabóideach go bliantúil, ar gach scoil CTS ar bhonn céimnithe.

Áireofar spriocanna a leagan amach agus próisis athbhreithnithe leanúnacha ar phleanáil ar leibhéal na scoile aonair agus ar leibhéal an chnuasghrúpa scoileanna/an phobail faoi CTS. Forbrófar teimpléad pleanála agus grúpa coitianta táscairí ar bhonn comhpháirtíochta chun cabhrú le tuairisciú ar an dul chun cinn a bhaineann le cur i bhfeidhm pleananna gnámh scoile a fheidhmeoidh ar bhonn timhriallach trí bliana.

Feabhsófar forbairt ghairmiúil do phríomhoidí, múinteoirí agus foireann eile i scoileanna atá rannpháirteach i CTS, agus tabharfar aghaidh ar fhorbairt ghairmiúil réamhsheirbhíse agus inseirbhíse araon.

Beidh fócas athnuaite ar chomhtháthú feidhmiú seirbhísí agus comhpháirtíochta. Tríd an líonra de dheich n-oifig réigiúnacha a fhorbairt, beidh acmhainn mhéadaithe ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta le bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí bunaithe go háitiúil, chun bearta maidir le cuimsiú sóisialta a chur chun cinn.

Rachaidh an Roinn i mbun idirchaidrimh le struchtúir líonraí a bhí ann cheana féin do phríomhoidí scoile ar leibhéal áitiúil agus ar leibhéal náisiúnta araon, le tagairt ar leith d'idirphlé ar bhearta pleanála agus bearta forbartha gairmiúla atá molta sa phlean gnámh seo agus deiseanna a iniúchadh maidir le comhtháthú seirbhísí.

Tá taighde agus meastóireacht lárnach maidir le déanamh beartas agus cur i bhfeidhm éifeachtach. Cuirfear grinnchlár ar thaighde agus ar mheastóireacht i bhfeidhm chun faisnéis a chur ar fáil faoi bheartas a chur le chéile ar shaincheistanna faoi chuimsiú oideachais ar bhonn leanúnach.